Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Máistir Cuain

Eolas d'Iarratasóirí

Feabhra 2024

1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarratasóirí a bhfuil na cailíochtaí cuí agus an taithí ábhartha acu do phost Máistir Cuain ag cuanta Co Dhún na nGall.

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú don phost mar Mháistir Cuain óna líonfaidh sé folúntais do na poist mar Mháistir Cuain agus Máistir Cuain Sealadach de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn.

2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Is é príomhfheidhm Mháistir an Chuain ná maoirseacht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht laistigh den chuan, ar a n-áirítear; spásanna le haghaidh bearta agus múrálacha a leithdháileadh, rochtain shábháilte isteach agus amach ó na bearta a sholáthar, gluaiseacht na soitheach laistigh den chuan a rialú, gluaiseacht feithiclí laistigh den chuan a rialú, fodhlíthe a chur i bhfeidhm, táillí a bhailiú agus a bheith i dteagmháil leis na ranna rialtais agus áisíneachtaí cuí maidir le comhlíonadh na rialachán, idir rialacháin sábháilteachta agus rialacháin timpeallachta, maidir leis an phríomhchuan agus maidir leis na háiseanna laistigh de Co. Dhún na nGall.

Chomh maith leis na cuanta ina mbeidh sé lonnaithe, (Ailt an Chorráin agus an Chaisleán Nua) beidh ar Mháistir an Chuain dualgais den chineál céanna a dhéanamh de réir mar is gá ag cuanta/áiseanna cé ar fud an chontae..

Seo a leanas liosta neamhchuimsitheach de na dualgais a bheas le déanamh ag an iarratasóir rathúil:

1. A chinntiú go ndéantar aon loingseoireacht thart fá na cuanta agus fá na bealaí isteach iontu ar dhóigh shábháilte agus ordúil,

2. Na rialacha, fodhlíthe agus rialacháin a bhaineann le cuanta a chur i bhfeidhm,

3. Bainistiú a dhéanamh ar na táillí, rátaí, dolaí agus muirir ar fad ó úsáideoirí cuain sna cuanta sin ina bhfuil a leithéid de rialacha agus d'fhodhlíthe i bhfeidhm iontu,

4. Cuntas a thabhairt i dtaca le gach ioncam ar dhóigh atá leagtha síos ag Comhairle Contae Dhún na nGall,

5. Taifid a rialú agus a choinneáil, de réir mar is cuí, i dtaca le gach soitheach, bád farantóireachta a thagann isteach nó a fhágann an cuan.

6. A chinntiú go bhfuil na háiseanna cuain ag oibriú mar is ceart agus aon fhabht a dheisiú gan mhoill, faoi réir ag an bhuiséad atá ar fáil,

7. Tuairisc a thabhairt faoi aon timpiste laistigh de limistéar an chuain agus faoi aon dochar a dhéantar do struchtúir an chuain nó d'áiseanna an chuain, chuig an údarás cuí,

8. Maoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne atá faoi bhainistíocht Mháistir an Chuain,

9. Gach gluaiseacht tráchta laistigh de limistéar an chuain a rialú agus a smachtú,

10. A chinntiú go bhfuil soilse an chuain ag oibriú mar is ceart, agus cothabháil a dhéanamh ar shoilse loingseoireachta, baoithe, agus Marcanna Lae a chothabháil, agus sa chás gurb ann dóibh, taoidemhéadair a léamh,,

11. Scrúduithe sábháilteachta a dhéanamh ar chéimeanna, ráillí, fáinní sábhála, sleamhnáin etc, agus obair chothabhála a shocrú de réir mar is gá,

12. Trealamh cuain, troscán cuain agus seirbhísí cuain (crainn tógála, unlais, fiondair, mullaird, dréimirí, céimeanna, soilsiú, cumhacht, uisce, breosla etc), a chothabháil,

13. Oibreoirí báid farantóireachta a rialú, ar a n-áirítear rialú a dhéanamh ar thrácht farantóireachta laistigh den chuan,

14. A chinntiú go mbíonn limistéar an chuain slachtmhar agus glan,

15. Staitisticí agus eolas áitiúil a bhailiú de réir mar is gá,

16. Comhoibriú go huile is go hiomlán le haon obair thógála nó aon obair fheabhsúcháin laistigh de limistéir na gcuanta,

17. Tabhairt faoi ról Oifigeach Slándála Poirt don chuan (cuirfear oiliúnt ar fáil)

18. Áiseanna cuain a bharrfheabhsú agus spásanna le haghaidh bearta agus múrálacha a leithdháileadh chun freastal ar gach oibríocht laistigh den chuan,

19. Bainistiú a dhéanamh ar an dóigh a nglactar le dramhaíl ó bháid, agus sin a rialú agus a smachtú, de réir Phlean Glactha Dramhaíola Chomhairle Contae Dhún na nGall,

20. Tuairisciú agus rialú a dhéanamh ar aon truailliú laistigh de limistéar an chuain,

21. Beartas sábháilteachta a fhorbairt, agus cuidiú a thabhairt ina leith, agus a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le rialacháin sláinte agus sábháilteachta,

22. Chun cloí leis an Ráiteas Sábháilteachta um Chuanta, agus gach tasc atá luaite ann a bhainistiú de réir mar a iarrann Comhairle Contae Dhún na nGall,

23. Rabhaidh Loingseoireachta Raidió a eisiúint de réir mar is cuí,

24. Comhoibriú leis na seirbhísí éigeandála cuí i gcás aon éigeandáil mhara cóngarach don chuan,

25. Scrúduithe rialta a dhéanamh, nó de réir mar a iarrann Rannóg Céanna agus Cuanta Chomhairle Contae Dhún na nGall in ionaid eile ar fud an chontae agus tuairisciú ar ais chuig Innealtóir na gCéanna agus na gCuanta,

26. Na leithris phoiblí ag an Ché/Cuan a chothabháil,

27. Taifead a dhéanamh ar gach gné de ghníomhaíochtaí an chuain ar bhonn laethúil, ar a n-áirítear gluaiseacht na soitheach, cuairteoirí ar an chuan, gluaiseacht feithiclí, cigireachtaí a dhéanfar, cáipéisíocht maidir le sábháilteacht agus sláinte, cur i dtír iasc agus gach riachtanas eile maidir le táillí a bhailiú, etc.

Beidh ar an iarratasóir rathúil freastal ar chruinnithe agus comhoibriú le Foireann Bhainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall a bhfuil freagracht iomlán acu do Chéanna agus do Chuanta sa chontae. Beidh ag dréim go nglacfaidh an té a cheapfar páirt i ngach ghné d'obair na Rannóige ina bhfuil siad lonnaithe, agus beifear ag súil le:

- Cumas láidir ábhartha teicniúil a bheith acu;
- Mothú láidir úinéireachta a bheith acu ar a gcuid oibre, chomh maith le mionchruinneas ina gcuid oibre;
- Go mbeidh siad in ann oibriú chomh maith céanna mar chuid d'fhoireann nó as a stuaim féin;
- Eolas maith agus cumas maith i dtaca le húsáid na teicneolaíochta de, agus é cruthaithe acu gur féidir leo teicneolaíocht úr a mheas agus a thabhairt isteach;
- Cuidiú i dtaca le gnásanna dea-chleachtais a fhorbairt;
- Cuidiú chun córais a fhorbairt atá comhlíontach maidir leis na riachtanais tuairiscithe atá ag forais sheachtracha;

- Dea-theist a bheith acu maidir le spriocanna agus torthaí a bhaint amach;

- Eolas maith a bheith acu ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

- Go gcloífidh siad leis an Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta agus cuidiú lena fhorbairt ar bhonn leanúnach.

3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

(a) Carachtar:
Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

(b) Sláinte
Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

(c) Oideachas, Oiliúint, Taithí, Etc.
Ní mór d'iarrthóirí amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

(i) Teastas Inniúlachta mar Oifigeach Deice, Aicme 2, nó Oifigeach Deice Aicme 4 le Formhuiniú Ceannasaíochta Neas-Ilchríochach atá bailí le haghaidh Sheirbhís Mharsantach Mhuirí na hÉireann nó cáilíocht chomhionann, chomh maith le, ar a laghad, bliain amháin seirbhís shásúil farraige mar Mháistir ar shoitheach a bhí ag trádáil laistigh den Limistéar Trádála Neas-Ilchríochach nó mar Phríomhoifigeach ar shoitheach mharsantach ag trádáil lasmuigh de theorainneacha an Limistéir Thrádála Neas-Ilchríochaigh.

NÓ

(ii) Atá ag seirbheáil, nó a bhí ag seirbheáil, i bhfórsa cosanta buan an stáit agus a raibh post cabhlaigh coimisiúnaithe ag grád Leifteanaint, ar a laghad, acu agus bliain amháin seirbhíse acu i mbun long chabhlaigh.

NÓ

(iii) Teastas iomlán dara-láimhe a bheith acu, agus é formhuinithe go dtí teoranta, i mbun soitheach iascaireachta

Nóta:

- Ní mór ceadúnas bailí tiomána a bheith ag iarrthóirí i dtaca le feithiclí i gcatagóir B, agus caithfidh siad a chur in iúl dúinn murab amhlaidh an cás.
- Ní mó d'iarrthóirí a bheith measartha cumasach i dtaca le Teicneolaíocht an Eolais, ar a n-áirítear cumas i dtaca le gnáthphacáistí oifige ar nós Word agus Excel.

4. Mionsonraí an Phoist

(a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post *Máistir Cuain* as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

(b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, faoi rogha na Comhairle.

(c) Luach Saothair

Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus: íosmhéid de €35,960 go dtí uasmhéid de €46,352 de réir ciorclán EL 02/2023.

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

(d) Bunáit

Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar post an Mháistir Cuain.

Beidh roinnt taistil i gceist leis an ról mar Mháistir Cuain agus cuirfidh an fostóir feithicil ar fáil do thaisteal ar bith a bhaineann le hobair le linn an lae.

(e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

(f) Uaireanta Oibre

39 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile. Mar gheall ar nádúr na hoibre seo, beidh ar an té a cheapfar a

bheith i láthair taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre, tráthnóntaí agus deireadh seachtaine san áireamh.

(g) Riachtanas Tiomána
Beidh ar Iarratasóirí:

(a) Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
(b) A bhfeithicil féin a bheith acu chun taisteal chun na hoibre.

(h) Coinbhleachtaí Leasa
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

5. Próiseas Earcaíochta

A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

B. Gearrliostú
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie